



## SAORÁNAIGH AN AONTAIS AGUS A GCEARTA

Tá cearta na saoránach aonair agus an tsaoránacht Eorpach cumhdaithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (EUCFR), sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus in Airteagal 9 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). Is gnéithe bunriachtanacha iad sin ó thaobh féiniúlacht Eorpach a mhúnlú. I gcás sárú tromchúiseach ar bhunluachanna an Aontais, is féidir smachtbhanna a fhorchur ar Bhallstát.

### AN BUNÚS DLÍ

Airteagal 2, Airteagal 3, Airteagal 7 agus Airteagal 9 go hAirteagal 12 CAE, Airteagal 18 go hAirteagal 25 CFAE agus Airteagal 39 go hAirteagal 46 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ([4.1.2.](#)).

### CUSPÓIRÍ

Le dlí AE, cruthaítear roinnt cearta aonair atá infhorfheidhmithe go díreach sna cúirteanna, bíodh sé sin go cothrománach (idir daoine aonair) nó go hingearach (idir an duine aonair agus an stát). Agus an tsaorghluaiseacht daoine a beartaíodh sna Conarthaí ina spreagadh dó, bhí breithniú á dhéanamh i dtaobh saoránacht de chineál Eorpach a thabhairt isteach, lena ngabhadh cearta agus dualgais a bheadh sainithe go beacht, chomh fada siar leis na 1960idí. D'aithle obair ullmhúcháin ar cuireadh tús leis i lár na 1970idí, le CAE, a glacadh in Maastricht in 1992, cuireadh d'oibleagáid ar an Aontas 'cosaint chearta agus leasanna náisiúnaigh a Bhallstát a neartú trí shaoránacht den Aontas a thabhairt isteach'. Ba í an tsaoránacht sin b'ábhar do chuid nua de Chonradh CE (sean-Airteagail 17 go 22).

Dála na saoránachta náisiúnta, tagraíonn saoránacht AE don chaidreamh idir an saoránach agus an tAontas Eorpach arb iad cearta, dualgais agus rannpháirtíocht pholaitiúil is airionna dó. Tá sé mar aidhm leis sin an bhearna a dhruid idir tionchar méadaitheach ghníomhaíocht an Aontais ar shaoránaigh AE agus cearta (bunúsacha), cur i gcrích dualgas agus rannpháirtíocht i bpróisis dhaonlathacha a bheith ina ngnóthaí náisiúnta go heisiach, geall leis. Le hAirteagal 15(3) CFAE, tugtar de cheart do gach duine nádúrtha nó dlítheanach rochtain a fháil ar dhoiciméid institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí an Aontais. In Airteagal 16 CFAE, cumhdaítear an ceart ar shonraí pearsanta a chosaint ([4.2.8](#)). Foráiltear in Airteagal 2 CAE go bhfuil "an tAontas fothaithe ar na luachanna seo a leanas: urraim do dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus an urraim do chearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine ar de mhionlaigh iad".



In Airteagal 7 CAE, glactar foráil ó Chonradh Nice (1.1.4.), arbh ann dó roimh CAE, lena mbunaítear sásra coisctheach, i gcás ina bhfuil ‘baol soiléir ann’ go ndéanfaidh Ballstát ‘sárú tromchúiseach’ ar na luachanna dá dtagraítear in Airteagal 2 CAE, agus sásra smachtbhannaí, i gcás ‘sárú tromchúiseach agus leanúnach’ a bheith á dhéanamh ag Ballstát ar na luachanna sin. Ar an gcéad ásc, d’iarrfadh an Coimisiún ar an gComhairle Eorpach a chinneadh, d’aon toil, gurbh ann don bhaol sin (Airteagal 7(2)). As a aithle sin, chuirfí tús le nós imeachta a d’fhéadfadh a bheith ina chúis le Ballstát a cheart vótála sa Chomhairle a chailleadh. Rinneadh an sásra sin a ghníomhachtú a chéadair in 2017 in aghaidh na Polainne mar gheall ar an athchóiriú a rinneadh ar a Cúirt Uachtarach.

Fairis sin, tá gá le cosaint níos fearr a bheith ann do chearta agus leasanna náisiúnaigh na mBallstát/shaoránaigh AE i gcaidreamh an Aontais leis an domhan mór (Airteagal 3(5) CAE).

## A BHFUIL BAINTE AMACH

Le cian d’aimsir, is é a bhí sa bhunús dlí do chearta na saoránach ar leibhéal AE, dáiríre, ná cás-dlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE). Ó tháinig Conradh Liospóin agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm, tá an bunús dlí ina bhunús d’fhíor-shaoránacht Eorpach, freisin.

### A. An sainmhíniú ar shaoránacht AE

Faoi Airteagal 9 CAE agus Airteagal 20 CFAE, is saoránach den Aontas é gach duine a bhfuil náisiúntacht Ballstáit aige. Tugtar sainmhíniú ar cad is náisiúntacht ann de réir dhlíthe náisiúnta an Stáit sin. Tá saoránacht an Aontais ina comhlánú ar an tsaoránacht náisiúnta, ach ní ghabhann sí a hionad. Is éard atá i saoránacht AE ná roinnt ceart agus dualgas de bhreis orthu siúd a eascraíonn as saoránacht Ballstáit. I gcás C-135/08 Janko Rottmann v Freistaat Bayern, rinne Pólares Maduro, Abhcóide Ginearálta i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an difríocht a mhíniú (mír 23):

‘Is dhá choincheap iad sin a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile agus atá neamhspleách ar a chéile. Glactar le saoránacht an Aontais go bhfuil an duine ina náisiúnach de Bhallstát, ach is coincheap dlíthiúil agus polaitiúil é freisin atá neamhspleách ar choincheap sin na náisiúntachta. Le náisiúntacht Ballstáit, ní hé amháin go bhfuil na cearta a thugtar faoi dhlí an Chomhphobail againn; is saoránaigh den Aontas freisin sinn dá barr. Tá níos mó i gceist le saoránacht Eorpach ná sraith ceart a bhféadfaí iad a thabhairt, astu féin, fiú dóibh siúd nach bhfuil saoránacht Eorpach acu. Glactar léi gurb ann do chaidreamh polaitiúil idir saoránaigh na hEorpa, siúd is nach caidreamh é atá bunaithe ar bheith de phobal. [...] Tá sé bunaithe ar a ngealltanais frithpháirteach a stáit faoi seach a oscailt do shaoránaigh eile de chuid na hEorpa agus géillsine chathartha agus pholaitiúil de chineál nua a chruthú fud fad na hEorpa.

Ní cheanglaítear léi go mbeadh pobal ann, ach, os a choinne sin, is fothaithe ar limistéar polaitiúil Eorpach a bheith ann atá sí óna n-eascraíonn cearta agus dualgais. Sa mhéid nach bhfuil sé intuigthe aisti gurb ann do phobal Eorpach, ar bhonn coincheapúil, is toradh í an tsaoránacht ar scaradh ón náisiúntacht. Mar a thug údar amháin faoi deara, is é is cúis le heithne mhór-nuálach choincheap na saoránachta Eorpaí gur ‘le saoránaigh an tAontas, agus gur comhdhéanta díobh atá sé, nach ionann, dar ndóigh,



an náisiúntacht atá acu”. Os a choinne sin, trí choinníoll a dhéanamh de náisiúntacht Bhallstáit a bheith ag an duine chun bheith ina shaoránach den Eoraip, bhí sé de rún ag na Ballstáit a léiriú nach gcaitheann an cineál nua saoránachta sin amhras ar ár ngéillsine dár stáit náisiúnta féin. Ar an gcaoi sin, tá an caidreamh úd le náisiúntacht na mBallstát aonair ina aitheantas gur féidir saoránacht a bheith ann (agus gur ann di, go deimhin) nach bhfuil bunaithe ar náisiúntacht.

Sin é feart shaoránacht an Aontais: neartaíonn sí an ceangal atá againn lenár mBallstáit (sa mhéid gur saoránaigh Eorpacha sinn toisc sinn a bheith inár náisiúnaigh dár mBallstáit, agus dá thoisc sin go baileach) agus, ag an am céanna, fuasclaíonn sí sinn uathu (sa mhéid gur saoránaigh sinn feasta lastall dár Stáit). Faightear rochtain ar shaoránacht Eorpach trí náisiúntacht de Bhallstát, a rialaítear leis an dlí náisiúnta, ach, cosúil le haon chineál saoránachta, is bunús í do limistéar polaitiúil nua óna n-eascaíonn cearta agus dualgais, a leagtar síos le dlí an Chomhphobail agus nach bhfuil ag brath ar an Stát. [...] Sin é an fáth, cé gur fíor go bhfuil náisiúntacht de Bhallstát ina réamhchoinníoll chun rochtain a fháil ar shaoránacht Eorpach, go bhfuil sé chomh fíor céanna nach féidir leis an gcéad cheann díobh sin teorainn a chur gan údar leis an tsraith ceart agus oibleagáidí a bhaineann leis an dara ceann díobh sin.’

Dá bhfágfadh an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach, bheadh gá le cinneadh a dhéanamh maidir le cearta sealbhaithe náisiúnaigh sin na Breataine atá ina gcónaí i mBallstáit, agus leo sin atá ag saoránaigh sin AE atá ina gcónaí sa Ríocht Aontaithe. Thar na blianta, tá oidhreacht dhlíthiúil ceart tugtha ag gach Ballstát dá náisiúnaigh, agus, ina theannta sin, le dlí AE, cruthaítear líon ceart aonair atá infhorfheidhmithe go díreach sna cúirteanna, de réir chásdlí CBAE (*Van Gend & Loos*). D’fhéadfaí a mheas gur fréamhaithe sa dlí náisiúnta lena dtugtar éifeacht dóibh atá na teorainneacha leis an oidhreacht dhlíthiúil sin. Dá ndéanfaí, le bille na Ríochta Aontaithe um aisghairm, éifeachtaí na gConarthaí a chur ceal, d’fhéadfadh sé, i bprionsabal, nach bhféadfaí iad a agairt a thuilleadh i gcúirteanna na Ríochta Aontaithe.

## **B. Bunbhrí na saoránachta (Airteagal 20 CFAE)**

I gcás shaoránaigh uile an Aontais, tugtar an méid seo a leanas le fios le saoránacht:

- an ceart gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát (Airteagal 21 CFAE) ([4.1.3](#));
- an ceart vóta a chaitheamh agus seasamh mar iarrthóir i dtoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus i dtoghcháin bhargasacha (Airteagal 22(1) CFAE) sa Bhallstát ina bhfuil cónaí orthu, faoi na coinníollacha céanna le náisiúnaigh an Bhallstáit sin (féach Treoir 94/80/CE an 19 Nollaig 1994 i gcomhair na rialacha maidir le rannpháirtíocht i dtoghcháin bhargasacha, agus féach Treoir 93/109/CE an 6 Nollaig 1993 i gcomhair na rialacha lena rialaítear toghadh do Pharlaimint na hEorpa) ([1.3.4](#));
- an ceart ar chosaint taidhleoireachta ar chríoch tríú tír (stát nach Ballstát den Aontas Eorpach é) ó údaráis taidhleoireachta nó chonsalacha de chuid Ballstáit eile, mura bhfuil ionadaíocht taidhleoireachta ag a dtír féin ann, a mhéid céanna leis an gcosaint a thugtar do náisiúnaigh an Bhallstáit sin;



- an ceart chun achainí a dhéanamh chuig Parlaimint na hEorpa agus an ceart chun iarratas a dhéanamh leis an Ombudsman (Airteagal 24 CFAE araon) arna cheapadh ag Parlaimint na hEorpa i dtaca le cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí nó comhlachtaí an Aontais. Rialaítear na nósanna imeachta sin le hAirteagal 227 agus Airteagal 228 faoi seach den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ([1.3.16](#) and [4.1.4](#));
- an ceart chun scríobh chuig aon institiúid nó comhlacht de chuid an Aontais i gceann de theangacha na mBallstát agus chun freagra a fháil sa teanga chéanna (Airteagal 24(4) CFAE);
- an ceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid de chuid na Parlaiminte, na Comhairle agus an Choimisiúin, faoi réir coinníollacha áirithe (Airteagal 15(3) CFAE).

### C. Raon Feidhme

Cé is moite de chearta toghchánacha, ar an mórgóir, níl i mbunbhrí shaoránacht an Aontais atá bainte amach go nuige seo ach córasú ar chearta atá ann cheana (go háirithe a mhéid a bhaineann leis an tsairse ghluaiseachta, leis an gceart cónaithe agus leis an gceart chun achainí a dhéanamh), atá cumhdaithe feasta sa dlí príomha ar bhonn smaoineamh polaitiúil.

Murab ionann agus an tuiscint bhunreachtúil i stáit Eorpacha ón tráth a glacadh Dearbhú na Fraince um Chearta Daonna agus Sibhialta in 1789, ní bhaineann aon ráthaíochtaí sonracha ar chearta bunúsacha le saoránacht den Aontas. In Airteagal 6 CAE, luaitear go n-aithníonn an tAontas na cearta a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus go ngéillfidh sé don Choinbhinsiún Eorpach chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, ach níl aon tagairt ann do stádas dlíthiúil shaoránacht an Aontais.

Níl aon dualgais do shaoránaigh an Aontais i gceist le saoránacht an Aontais go fóill, d'ainneoin na foclaíochta sa chéill sin in Airteagal 20(2) CFAE. Is ionann é sin agus difríocht mhór idir saoránacht AE agus saoránacht de Bhallstát.

### D. Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ([4.1.5](#))

Le hAirteagal 11(4) CAE, déantar foráil do cheart nua i gcomhair saoránaigh den Aontas Eorpach: 'Féadfaidh saoránaigh den Aontas, ar náisiúnaigh iad de líon suntasach de Bhallstáit agus nach lú a líon ná aon mhilliún amháin ar a laghad, an tionscnamh a ghlacadh iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach, faoi chuimsiú a chumhachtaí, togra iomchuí a thíolacadh maidir le ceistanna a bhfuil gá dar leis na saoránaigh le gníomh dlí de chuid an Aontais ina leith chun na Conarthaí a chur chun feidhme'. Is i Rialachán (AE) Uimh. 211/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leagtar amach na coinníollacha lena rialaítear tíolacadh agus inghlacthacht tionscnamh den sórt sin ó na saoránaigh. Déantar cur síos ar phríomhfhórlacha an Rialacháin in [4.1.5](#).

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Trí Pharlaimint na hEorpa a thoghadh trí vótáil dhíreach, déanann saoránaigh AE ceart dá gcearta bunúsacha san Aontas Eorpach a fheidhmiú: eadhon rannpháirtíocht dhaonlathach i bpróiseas cinnteoireachta polaitiúla an Aontais (Airteagal 39 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh). A mhéid a bhaineann leis na nósanna



imeachta do thoghadh a Feisirí, tá sé iarrtha riamh anall ag an bParlaimint go ndéanfaí córas aonfhoirmeach toghchánaíochta a chur chun feidhme sna Ballstáit uile. Déantar foráil le hAirteagal 223 CFAE go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa togra a tharraingt suas chun na críche sin ('chun na bearta is gá a bhunú do thoghadh a cuid Feisirí trí vótáil chomhchoiteann dhíreach i gcomhréir le nós imeachta aonfhoirmeach sna Ballstáit go léir nó i gcomhréir le prionsabail ar comhphrionsabail iad ag na Ballstáit go léir'). Dá éis sin, déanfaidh an Chomhairle na forálacha is gá a leagan síos (ag gníomhú di d'aon toil agus tar éis toiliú a fháil ó bhunáite Fheisirí Pharlaimint na hEorpa), a thiocfaidh i bhfeidhm tar a éis sin i ndiaidh a bhformheasta ag na Ballstáit i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla faoi seach ([1.3.4](#)).

Riamh anall, bhí an Pharlaimint ag iarraidh go mbeadh cearta cuimsitheacha ag roinnt le saoránacht AE. Bhí sí i bhfách leis an tsaoránacht a bheith á bunú ag an Aontas as a stuaim féin i riocht is go mbeadh stádas neamhspleách ag saoránaigh AE. Sa bhreis air sin, ó thosach, bhí sí i bhfách le cearta bunúsacha agus daonna a chuimsiú sa dlí príomha agus d'iarr sí go mbeadh saoránaigh AE i dteideal imeachtaí a thionscnamh os comhair CBAE aon uair a dhéanfadh insitiúidí de chuid an Aontais nó Ballstát sárú ar na cearta sin (rún an 21 Samhain 1991).

I gcaitheamh na caibidlíochta ar Chonradh Amstardam, uair amháin eile, d'iarr an Pharlaimint go ndéanfaí na cearta a bhaineann le saoránacht AE a leathnú, agus b'ábhar cáinte di nach ndearna an Conradh aon dul chun cinn suntasach maidir le bunbhrí na saoránachta, bíodh sin i dtaobh cearta aonair nó cearta comhchoiteanna.

I gcomhréir le hiarrataí na Parlaiminte, sa cheathrú mír d'Airteagal 263 CFAE, sonraítear go bhféadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach imeachtaí a thionscnamh in aghaidh gníomh a díriodh chuig an duine sin nó a bhaineann leis an duine sin go díreach agus go leithleach, agus in aghaidh gníomh rialúcháin is dá a bhaineann leis an duine sin go díreach agus nach bhfuil bearta cur chun feidhme ag gabháil leis.

A mhéid a bhaineann leis an gceart chun rochtain a fháil ar dhoiciméid, an 17 Nollaig 2009, ghlac an Pharlaimint rún maidir le feabhsuithe ba ghá a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil le haghaidh rochtain ar dhoiciméid tar éis Conradh Liospóin a theacht i bhfeidhm. I measc nithe eile, leag sí béim ar an ngá le raon feidhme [Rialachán \(CE\) Uimh. 1049/2001](#) a leathnú chun go gcuimseofaí na hinstiúidí agus na comhlachtaí go léir nár cumhdaíodh leis an téacs bunaidh.

A mhéid a bhaineann leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh, trí mhí i ndiaidh thíolacadh an tionscnaimh ó na saoránaigh, buaileann ionadaithe ón gCoimisiún leis na heagraithe, agus bíonn an deis ag na heagraithe freisin a dtionscnamh a chur i láthair ag éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa. Is é an coiste atá freagrach as ábhar an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a eagraíonn an éisteacht (Rial 211 de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte).

A mhéid a bhaineann leis an sásra smachtbhannaí dá bhforáiltear in Airteagal 7 CAE a thionscnamh in aghaidh Ballstáit, tá ag an bParlaimint ceart tionscnaimh (Airteagal 7(1)), ar dá bhíthin is féidir léi a iarraidh go ndéanfaí an chéad cheann de na sásraí sin a chur i bhfeidhm, agus ceart chun rialú daonlathach a fheidhmiú, ar an ábhar nach mór di toiliú lena gcur chun feidhme (Airteagal 7(2)).



Mar leis an tsaincheist chonspóideach i dtaca le ‘víosaí órga’, a thagraíonn do roinnt Ballstát a bheith ag díol a saoránachta náisiúnta, agus a saoránacht AE, dá réir, chun infheisteoirí coigríche a mhealladh, i rún uaithi [dar dáta an 16 Eanáir 2014](#), chuir an Pharlaimint i bhfáth nach féidir ‘clib phraghais’ a bheith ag gabháil leis na luachanna agus na gnóthachain a bhaineann le saoránacht AE.

Udo Bux  
05/2019

